**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

**DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH 2004, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

**ROINN I (120 marc)**

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**ROINN II (200 marc)**

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT.**

# ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** **Ar mhargadh na dtosca** idirghníomhaíonn éileamh ar ______________________________ ó na gnólachtaí le ____________________________________________ ó ______________________ chun praghsanna ar nós **talamh,** ______________________ , __________________________ agus ___________________a thabhairt.

**2.** Is tomhaltóirí chomh maith le táirgeoirí iad feirmeoirí sa gheilleagar náisiúnta. Mínigh.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**3.** Tá an tOlltáirge Talmhaíochta ag praghsanna an mhargaidh móide___________________________ lúide __________________________ cothrom leis an Olltáirge Talmhaíochta ag costais fachtóirí.

**4.** Abhair cad is brí le **cumas aisíoctha**.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**5.** Sainmhínigh **imeascadh cuasa-ingearach** agus luaigh sampla **AMHÁIN.**

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

SAMPLA: _______________________________________________________________________

**6.** Luaigh an **DÁ** phríomh-athróg a mbíonn tionchar acu ar an éileamh fadtréimhseach ar earra ar bith.

**(i)** ___________________________________________________________________________

**(ii)** ___________________________________________________________________________

**7.** Luaigh an **DÁ** thoisc is tábhachtaí a bhogann <u>cuar an táirge iomláin</u>.

**(i)** ___________________________________________________________________________

**(ii)** ___________________________________________________________________________

**8.** Cad a thuigeann tú le **costais bharúlacha**? _______________________________________________

_______________________________________________________________________________

**9.** Cén fáth ar ceist thábhachtach eacnamaíochta í **soghluaisteacht acmhainní**?___________________________

_______________________________________________________________________________

**10.** Ríomhann measúnú infheistíochta an bhreis ______________________ agus an bhreis____________________ de thoradh plean feirme le himeacht ama.

**11.** Cén fáth a n-athródh praghasleaisteachas an tsoláthair do chruithneacht ag leibhéil éagsúla de phraghas na cruithneachta?

______________________________________________

______________________________________________

**12.** Luaigh **DHÁ** fheidhm atá ag Teagasc.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**13.** Cad a thomhaiseann an cóimheas glanfhiúchas le fiachas ar fheirm? ______________________

______________________________________________

**14.** Úsáideann institiúidí airgeadais dhá bhunchritéir agus iad ag cinneadh cé dó ba chóir iasacht a thabhairt. Cad iad na critéir sin?

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**15.** Mínigh an téarma an **tInnéacs Méid** (Volume Index). ______________________

______________________________________________

**16.** Beidh éifeachtaí díreacha, éifeachtaí indíreacha agus éifeachtaí spreagtha ón gcrapadh ar an talmhaíocht, ag eascairt as na leasuithe reatha ar CAP. Mínigh go soiléir an bhrí atá le **DHÁ** cheann de na téarmaí a bhfuil líne fúthú.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**17.** Úsáideann an tAontas Eorpach trí chineál ionstraim reachtaíochta. Luaigh ceann **AMHÁIN** ar bith díobh agus mínigh go hachomair é.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**18.** Cén fáth ar comhlánú inmhianaithe é Polasaí Réigiúnach éifeachtach ar an gComhpholasaí Talmhaíochta (CAP)?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**19.** Braitheann costas iomlán na bhfóirdheontas easportála faoi CAP ar dhá eilimint. Cad iad sin?

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**20.** Cad iad an **DÁ** phríomh phointe i dteoiric Thomas Malthus ar fhás an daonra?

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________


______________________________________________

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***

# ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** Taispeánann an léaráid thíos an éifeacht ar phraghasanna agus ar ioncam na hÉireann atá ag an bhfairsingiú ar sholáthar talmhaíochta na hÉireann laistigh den Aontas Eorpach.



**(a)** Cóipeáil an léaráid thuas i do freagarleabhar. Lipéadaigh na haiseanna agus cuair an éilimh agus an tsoláthair;
**(b)** Mínigh cén fáth a bhfuil an cruth mar atá ar chuar an éilimh;
**(c)** Taispeáin ar an léaráid a bhfuil ag tarlú don phraghasleibhéal in Éirinn de réir mar atá soláthar na hÉireann ag fairsingiú. Mínigh.
**(d)** Cad atá ag tarlú d'ioncam iomlán feirmeoirí na hÉireann de réir mar atá soláthar na hÉireann ag fairsingiú?
**(e)** Mínigh cén chaoi a mhaolaigh na leasuithe ar CAP an fairsingiú seo ó 1980 ar aghaidh.

**[50 marc]**

**2.** Is iad seo thíos na cuntais feirme d'fheirm déiríochta atá tipiciúil in Éirinn:

| | | € |
|---|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin: | bainne | 70,000 |
| | beostoc | 26,000 |
| | barra | 2,000 |
| Dímheas | | 2,000 |
| Costais athraitheacha | | 36,000 |
| Tomhaltas an tí | | 2,000 |
| Athrú sna fardail | | −10,000 |
| Costais sheasta eile | | 25,000 |

Ríomh, agus taispeáin na hoibríochtaí ar fad:

**(i)** Aschur na feirme;
**(ii)** Ollchorrlach na feirme;
**(iii)** Ioncam Teaghlaigh na Feirme;
**(iv)** Ioncam Airgid na Feirme.

**[50 marc]**

3. **(a)** Déan cur síos gearr ar an gcineál Rialú Díreach Soláthair a bhaineann le **DHÁ** cheann ar bith díobh seo a leanas:

   **(i)** Bainne;
   **(ii)** Biatas siúcra;
   **(iii)** Gránaigh.

   **(b)** Déan cur síos gearr ar phríomh phointí leasuithe CAP MacSharry, a tugadh isteach i 1992.

   **(c)** Cad a thuigeann tú le fáinne cosanta (ring-fencing) a chur timpeall ar chuótaí?

**[50 marc]**

4. Sa bhfadtéarma bíonn an claonadh ag ioncaim feirme a bheith faoi réir ag cúngach praghais-costais.

   **(a)** Sainmhínigh cúngach praghais-costais.

   **(b)** Cén fáth a bhfuil an coincheap seo chomh tábhachtach sin i gcúrsaí feirmeoireachta?

   **(c)** Mínigh na fórsaí a bhíonn ag oibriú i margaí na dtáirgí agus na dtosca ***araon*** a chuireann le cúngach praghais-costais. **[50 marc]**


5. **(a)** Mínigh an téarma 'díchúpláil' (decoupling) san eacnamaíocht talmhaíochta.

   **(b)** Cad iad na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an díchúpláil ar thalmhaíocht na hÉireann?


   **(c)** Go hachomair, cad iad na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an díchúpláil ar an timpeallacht?

**[50 marc]**

6. Taispeánann na léaráidí soláthair/éilimh seo a leanas cás tháirgí talmhaíochta ar mhargadh an Aontais Eorpaigh agus ar an margadh Domhanda.



**FÍOR 1**



**FÍOR 2**

   **(a)** Cóipeáil na léaráidí i do leabhar freagraí agus lipéadaigh iad, á chur in iúl cén ceann a bhaineann le margadh an Aontais Eorpaigh agus cén ceann a bhaineann leis an margadh Domhanda.

   **(b)** Cén praghas a bheadh i réim ar mhargadh an Aontais Eorpaigh muna mbeadh cosaint ar bith ann in aghaidh importálacha? Taispeáin é seo ar an léaráid chuí.

   **(c)** Cén chainníocht a d'éileofaí agus a sholáthrófaí ag an bpraghasleibhéal seo? Taispeáin é seo ar an léaráid.

   **(d)** Mínigh na príomh bhuntáistí agus na príomh-mhíbhuntáistí atá ag Margaí Saora do tháirgí talmhaíochta.

   **(e)** Cén chaoi arbh fhéidir na míbhuntáistí i **(d)** a laghdú agus saorthrádáil a choinneáil sa tsiúl.

**[50 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***